Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

06 Samhain 2023 Uimhir 11

Fáilte ar Ais:

Tá súil againn go raibh seachtain deas ag gach duine agus gur éirigh le gach duine sos a ghlacadh. Táimid ar fad réidh agus ar bís don chéad leath-téarma eile.

Welcome Back:

We hope everyone had a lovely week and managed to take a little break. We are all ready and excited for the next half-term.

Airíoch Scoile:

Ba mhaith linn fáilte a chur roimh Graham Dempsey atá tosaithe linn mar airíoch scoile. Guimíd gach rath air.

School Caretaker:

We would like to welcome Graham Dempsey who has started with us as school caretaker. We wish him all the very best.

Seachtain Chairdis: Polasaí Frithbhulaiochta:

Seo Seachtain Chairdis na scoile. Beidh na páistí ar fad ag obair agus ag plé cairdis le linn na seachtaine agus beidh gníomhaíochtaí eagraithe idir na ranganna chun deis a thabhairt do na páistí cairde a dhéanamh i ranganna difriúla. Beidh na páistí ag foghlaim faoi bhulaíocht le linn na seachtaine chomh maith agus beidh deiseanna acu suímh éagsúla a iniúchadh trí neart plé, chaint agus dramaíochta. Tá an tseachtain seo mar chuid dár bPolasaí Frithbhulaíochta.

Friendship Week: Anti-Bullying Policy:

This is the school's Friendship Week. All the children will be discussing friendships throughout the week and there will be activities organised between the classes to encourage friendships across class groups. The children will also be learning about bullying this week and will have plenty of opportunities to investigate various situations through discussion, debate and drama. This week is part of our Anti-Bullying Policy.

Cumann na dTuismitheoirí:

Lotto -

Comhghairdeas le Néill Turley agus Fiona Cassidy a bhuaigh €20 agus bosca seacláide ar an Aoine an 27 Deireadh Fómhair agus ar an Aoine an 3 Samhain. Seasann an pota óir ar €700 anois. Go n-éirí le gach duine!

Lotto Gaelscoil Ruairí

Parents' Association:

Lotto-

Congratulations to Néill Turley and Fiona Cassidy who won €20 and a box of chocolates on Friday 27th October and Friday 3rd November. The jackpot now stands at €700. The very best of luck to everyone.

Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

06 Samhain 2023 Uimhir 11

Imeachtaí Íar-Scoile (R1-R3):
1. Traenáil CLG - Leanfaidh an traenáil ar aghaidh le Declan ón gCLG Mhaigh Nuad amárach ó a 2.10i.n. - 3.10i.n. Beidh siad ag imirt iománaíocht an tseachtain seo.

2. Ceachtanna Ukulele - Leanfaidh na ceachtanna ukulele ar aghaidh ó a 2.10i.n - 3.10i.n ar an gCéadaoin. Tá an rang seo lán anois.

3. Ceachtanna Ealaíne - Leanfaidh na ceachtanna ealaíne ar aghaidh ó a 2.10i.n - 3.10i.n ar an Déardaoin. Tá an rang seo lán anois.

Afterschool Activities (1st-3rd Class):
1. GAA Training - The GAA training will continue tomorrow at 2.10p.m with Declan from Maynooth GAA. They will be playing hurling this week.

2. Ukulele Lessons - The ukulele lessons will continue on Wednesday from 2.10p.m - 3.10 p.m. This class is now full.

3. Art Lessons - The art lessons will continue on Thursday from 2.10p.m - 3.10 p.m. This class is now full.

Ganntanas Múinteoirí:
Mar is eol daoibh tá ganntanas múinteoirí sa tír faoi láthair agus is mar gheall ar seo nár éirigh linn an post múinteoireachta atá againn a líonadh. Beidh Múinteoir Póla ag múineadh R2 as seo amach agus leanfaidh an scoil ar aghaidh ag lorg múinteoirí a dhéanfadh na huaireanta oideachais speisialta atá againn agus atá iontach, iontach tábhachtach.
Teacher Shortage:
As you are aware there is currently a nationwide teacher shortage and it is due to this that we are unable to fill a teacher position we currently have. Múinteoir Póla will teach second class from now on and the school will continue to work extremely hard looking to recruit teachers to cover our special education hours which are extremely important.

Bord Bainistíochta na Scoile - Oscailt Oifigiúil:
Mar is eol daoibh, beidh Oscailt Oifigiúil na scoile ar siúl ar an Aoine an 24 lá de mhí na Samhna 2023 agus ba bhreá linn tuismitheoirí/caomhnóiri na scoile a fheiceáil i láthair ag an ócáid speisialta seo. Tá sé le tosú ar a 10.30r.n. agus beidh sé thart ar a 11.15r.n. Rachaidh na páistí abhaile ar a 12i.n. ar an lá.

Beidh sólaistí ar fáil i ndiaidh do thuismitheoirí , cuairteoirí agus do pháistí na scoile. Is féidir clárú tríd an nasc thíos.

Foirm Oscailt Oifigiúil

Campas Oideachais Nua, Bóthair an Mhaigh gCláir, Maigh Nuad, Co. Chill Dara.
F: +353 (0) 86 822 6872 I E: oifig@gaelscoilruairi.ie I www.gaelscoilruairi.ie I
Uimhir Rolla 20527F

Board of Management - Official Opening:
As you are aware, the school's Official Opening will take place Friday 24th November. We would love to see as many parents and guardians in attendance as possible on the day. It will start at 10.30a.m. and finish at 11.15a.m. and the children will all finish at 12p.m.

There will be refreshments afterwards for parents, guests and for all the children. You can register your attendance through the link below.

Form for the Official Opening

Scoil Dúnta - Lá Oiliúna na Múinteoirí:
Beidh an scoil dúnta ar an Luan an 27 lá de mhí na Samhna de bharr go mbeidh múinteoirí na scoile ar fad ar freastail ar lá oiliúna ar an gcuraclam matamaitice nua in Ionad Oideachais Chill Dara.
School Closure - Teacher Training Day:
The school will be closed on Monday 27th November as all the teachers will be attending training on the new maths curriculum in the Kildare Education Centre.